ealaín

EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

FORBAIRT NA nEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA



# STRAITÉIS 2018 – 2022

## STRATEGY 2018-2022

Údarás na Gaeltachta

the arts council
an chomhairle ealaíon

cistiú na healaíona
artscouncil.ie



# CLÁR


01 RÉAMHRÁ / INTRODUCTION

02 EOLAS FAOI EALAÍN NA GAELTACHTA / ABOUT

03 COMHTHÉACS REATHA / CURRENT CONTEXT

04 EOLAS DÁR bhFÍS / INFORMING OUR VISION

05 ÁR bhFÍS A FHEIDHMIÚ / IMPLEMENTING OUR VISION

06 MISIN & AIDHMEANNA / MISSION & AIMS

07 TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ / STRATEGIC PRIORITIES AND ACTIONS

08 FEIDHMIÚ / IMPLEMENTATION

09 CONCLÚID / CONCLUSION

“Diversity… is life giving. And it is on the periphery, in the Gaeltacht, … that life and art are most vibrant. Different voices speaking in many tongues through myriad art forms are the vital signs of culture that springs from life, and is life giving, all the more so when it is unaffected by the convention of the mainstream. The arts are essential for the language, because one leans upon the other. Both are essential pillars, of strong Gaeltacht communities”.

**Orlaith McBride – Director of the Arts Council of Ireland**

*Is cuid lárnach de shaol na Gaeltachta iad na hEalaíona. Tá an Ghaeltacht agus muintir na Gaeltachta fréamhaithe sna healaíona agus sa chultúr. Idir ceol, an sean-nós, scéalaíocht, drámaíocht agus eile, tá stór saibhir cultúrtha na Gaeltachta á dhaingniú is á threisiú i rith an ama. Is áit ar leith atá sa Ghaeltacht de bharr na nithe seo agus de bharr an teanga Gaeilge as a bhfuil siad fáiscthe.*

**Micheál Ó hÉanaigh – Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta**



# 1. RÉAMHRÁ / *INTRODUCTION*

**Ráiteas ón gCathaoirleach**

Tá Ealaín na Gaeltachta fiche bliain ag fás faoin am seo – fiche bliain caite ag cothú agus ag forbairt ealaín na Gaeltachta. I rith an ama sin, agus mar thoradh díreach ar obair Ealaín na Gaeltachta, tá fás suntasach feicthe againn i dtírdhreach na n-ealaíon Gaeltachta – i réimse na n-eispéireas ardchaighdeáin ealaíne atá ar fáil do phobail na Gaeltachta, sna modhanna léirithe a úsáideann ealaíontóirí na Gaeltachta chun a bhféiniúlachtaí agus a n-eispéiris shainiúla féin a chur in iúl, agus sna bealaí ina ndéanann glúin nua d'ealaíontóirí agus de phobal cultúr uathúil na Gaeltachta a fhiosrú, a léirmhíniú in athuair, a bhiorú agus a athnuachan.

***Statement from the Chairperson***

*Ealaín na Gaeltachta has now spent fiche bliain ag fás – twenty years engaged in the nurturing and development of the Gaeltacht arts. During this time, and as a direct result of Ealaín na Gaeltachta's work, we have seen significant growth in the Gaeltacht arts landscape – in the range of high quality arts experiences available to the Gaeltacht communities, in the modes of expression used by Gaeltacht artists to express their distinct identities and experiences and in the ways in which the unique culture of the Gaeltacht is explored, reinterpreted, refreshed and renewed by a new generation of artists and community.*

Agus sinn ag díriú isteach ar ár bhfiche bliain faoi bhláth, táimid aireach faoi na deiseanna agus na dúshláin araon atá amach romhainn – an geilleagar náisiúnta ag feabhsú, níos mó deiseanna ar fáil do na healaíona agus suim athnuaite sa Ghaeilge go náisiúnta ar láimh amháin, agus ar an taobh eile, meath tromchúiseach na Gaeilge atá ag dul ar aghaidh sna ceantair Ghaeltachta. Tá an cás deiridh sin fite fuaite lenár n-ealaíona agus lenár gcultúr dúchais mar aon lenár sloinneadh comhaimseartha ealaíonta sa Ghaeltacht.

*As we enter our fiche bliain faoi bhláth, we are mindful of both the opportunities and the challenges ahead – the improving national economy, increased opportunities for the arts and renewed interest nationally in the Irish language on the one hand, and the serious language decline which continues in the Gaeltacht areas on the other. The language is inextricably linked with our indigenous arts and culture as well as with contemporary artistic expression in the Gaeltacht.*

Is iad na bearta atá imlínithe sa straitéis seo a bheidh mar chéad chéimeanna muiníneacha eile againn sa bhforbairt leanúnach ar ealaíona na Gaeltachta, ag díriú ar na réimsí nach mór aird a thabhairt orthu – infreastruchtúr, daoine óga agus na healaíona, an fhorbairt ar cheannairí cultúrtha agus áisitheoirí, agus tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta; agus freisin ar thógáil acmhainní eagraíochtúla agus monatóireachta Ealaín na Gaeltachta féin.

Táimid tiomanta d'oibriú go dlúth lenár gcomhpháirtithe bunaidh – An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta – agus sinn ag tabhairt faoin dara fiche bliain ag Ealaín na Gaeltachta.

*The measures outlined in this strategy form the confident next steps in the ongoing development of the Gaeltacht arts, focusing on areas in need of dedicated attention – infrastructure, young people and the arts, the development of cultural leaders and enablers and supports for Gaeltacht artists; as well as on building Ealaín na Gaeltachta's own organisational and monitoring and evaluation capacities.*

*We are committed to continuing to work closely with our founding partners – The Arts Council and Údarás na Gaeltachta – as we embark on Ealaín na Gaeltachta's second fiche bliain.*

## Cúlra

Tionscnaíodh comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon in 1997 mar fhreagra ar imní a bhí léirithe ag an dá eagraíocht maidir le leibhéal na forbartha ar an ealaín sa Ghaeltacht. In 1997 a bunaíodh Ealaín (na Gaeltachta) Teo. atá cómhaoinithe ag an gcomhpháirtíocht seo. Ó bunaíodh é, tá fás agus forbairt earnáil ealaíon na Gaeltachta deimhnithe ag Ealaín na Gaeltachta agus bhí an eagraíocht mar áis tosaigh d'ardán náisiúnta níos leithne ag cleachtas ealaíne na Gaeltachta. Tríd na tionscnaimh éagsúla, rinne an eagraíocht forbairt ar an infreastruchtúr ealaíne, neartaigh sí acmhainn agus scileanna na n-eagraíochtaí ealaíon agus na n-ealaíontóirí Gaeltachta agus chothaigh sí an coincheap agus an tuiscint de "Ealaíona Gaeltachta" atá follasach agus fuinniúil. Déanann cláir Ealaín na Gaeltachta ionchur sárluachmhar eacnamaíochta agus sóisialta i saol na Gaeltachta. Léiríonn cuntas teiste na heagraíochta go bhfuil an eagraíocht ina huirlis lárnach, thábhachtach agus thairbheach i bhforbairt chultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch ar an nGaeltacht. Seo é an tríú comhphlean straitéiseach idir an Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta.

## *Background*

*A partnership between Údarás na Gaeltachta and the Arts Council was initiated in 1997 in response to concerns expressed by both organisations regarding the level of arts development in the Gaeltacht. Ealaín (na Gaeltachta) Teo., jointly funded by this partnership, was established in 1997. Since its inception, Ealaín na Gaeltachta has ensured the growth and development of the Gaeltacht arts sector and has been the launch pad for a broader national platform for Gaeltacht arts practice. Through the various initiatives the organisation developed the arts infrastructure, built up the capacity and skills of Gaeltacht arts organisations and artists and nurtured the concept and understanding of a distinct and dynamic "Gaeltacht Arts". Ealaín na Gaeltachta programmes make an invaluable economic and social contribution to Gaeltacht life. The organisation's track record confirms that the organisation is an integral, important and advantageous instrument in the cultural, social and economic development of the Gaeltacht. This is the third joint strategic plan agreed between the Arts Council and Údarás na Gaeltachta.*

### Údarás na Gaeltachta

Is é an misean atá ag Údarás na Gaeltachta ná forbairt agus cothú a dhéanamh ar phobal agus ar gheilleagar Gaeltachta a bheidh bisiúil agus fuinniúil agus, tríd sin, an Ghaeilge a neartú agus a bhuanú mar phríomhtheanga na Gaeltachta.

Tá ról Údarás na Gaeltachta i seachadadh Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais sa Ghaeltacht 2010-2030 sainithe in Acht na Gaeltachta 2012, agus tá sé lárnach san éascú agus sa tacaíocht don Phróiseas Pleanála Teanga. Breathnaíonn Údarás na Gaeltachta ar an nGaeltacht mar áit atá sainithe ag teanga agus cultúir araon.

### *Údarás na Gaeltachta*

*Údarás na Gaeltachta's mission is to develop and sustain a thriving and vibrant Gaeltacht community and economy and, through that, to strengthen and perpetuate the Irish language as the primary language of the Gaeltacht.*

*Údarás na Gaeltachta's role in the delivery of the Government's 20 Year Strategy for the Irish Language sa Ghaeltacht 2010-2030 is defined by Acht na Gaeltachta 2012 and it is instrumental in facilitating and supporting the Language Planning Process. Údarás na Gaeltachta views the Gaeltacht as defined by both language and culture.*



### An Chomhairle Ealaíon

Is é misean na Comhairle Ealaíon ná treoraíocht a thabhairt d'fhorbairt na n-ealaíon in Éirinn. 'Ag croílár ár straitéise tá fís do na healaíona in Éirinn bunaithe ar bhraistint daoine agus áite, ina bhfuil meas iomlán ar na healaíona mar ghné ríthábhachtach dár saol laethúil agus ina bhfuil tacaíocht ag ealaíontóirí uaillmhianacha agus nuálacha chun saothar sármhaitheasa a dhéanamh.'

### *The Arts Council*

*The Arts Council's mission is to guide the development of the arts in Ireland. 'At the heart of our strategy is a vision for the arts in Ireland grounded in a sense of people and place, where the arts are truly valued as a vital feature of our daily lives and where ambitious and innovative artists are supported to make work of excellence.'*



Déanann Ealaín na Gaeltachta freastal ar mhisin Údarás na Gaeltachta trí / *Ealaín na Gaeltachta serves Údarás na Gaeltachta's mission by:*

**01** Cothú a dhéanamh ar thimpeallacht ealaíne atá bisiúil, fuinniúil agus inmharthanach mar thacaíocht do, agus mar thoradh ar, phobal Gaeltachta atá bisiúil, fuinniúil agus inmharthanach. *Nurturing a thriving, vibrant and sustainable arts environment in support of and as a product of a thriving, vibrant and sustainable Gaeltacht community.*

**02** Fáil a chur ar thacaíochtaí do na healaíona trí mheán na Gaeilge. *Delivering supports for the arts through the medium of the Irish language.*

**03** Tacaíocht a thabhairt trí mheán na Gaeilge don rochtain ar ealaíona nach bhfuil teangabhunaithe agus, ar an mbealach sin, réimse de mhodhanna léirithe cruthaitheacha agus ealaíonta a thairiscint agus a chothú sa Ghaeltacht mar aon le beochan a chur sa teanga agus sa phobal. *Supporting Irish language-based arts, thus enlivening, enriching, strengthening and sustaining the language and its community of speakers.*

**04** Tacú le healaíontóirí, eagraíochtaí, ócáidí agus cláir a dhéanann ceiliúradh agus athnuachan ar chultúr uathúil na Gaeltachta trí mheán na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha. *Supporting access to non-language based arts through the medium of the Irish language, thus offering and sustaining a range of modes of creative and artistic expression in the Gaeltacht and enlivening language and community.*

**05** Tacú leis na healaíona chun áit chuí a ghlacadh i ngeilleagar na Gaeltachta. *Supporting the arts to take an appropriate place in the Gaeltacht economy.*

**06** Tacú le healaíontóirí, eagraíochtaí, ócáidí agus cláir a dhéanann ceiliúradh agus athnuachan ar chultúr uathúil na Gaeltachta trí mheán na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha. *Supporting artists, organisations, events and programmes which celebrate and renew the unique culture of the Gaeltacht through the media of the traditional and contemporary arts.*



Déanann Ealaín na Gaeltachta freastal ar mhisin na Comhairle Ealaíon trí / *Ealaín na Gaeltachta serves The Arts Council's mission by:*

**01** Tacú leis an ngné uathúil d'ealaíona na hÉireann, mar atá ealaíona na Gaeilge a thagann ó phobail labhartha Gaeilge na Gaeltachta. Supporting the unique element of the Irish arts which is the Irish language arts emanating from the Irish-speaking communities of the Gaeltacht.

**02** Freastal ar phobail na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge. Serving the Gaeltacht communities through the medium of the Irish language.

**03** Úsáid a bhaint as eolas, saineolas agus taithí áitiúil agus speisialaithe mar bhunús do thacaíocht straitéiseach do na healaíona sa Ghaeltacht. Using local and specialist knowledge, expertise and experience as the basis for strategic support of the arts in the Gaeltacht.

**04** Tacaíochtaí straitéiseacha a thairiscint d'ealaíontóirí Gaeltachta chun cuidiú leo a bheith uaillmhianach, nuálach agus sármhaitheas a bhaint amach ina gcuid oibre. Offering strategic supports to Gaeltacht artists to assist them in being ambitious, innovative and in achieving excellence in their work.

**05** Cinntiú go bhfuil rochtain ag pobail Ghaeltachta ar réimse leathan d'eispéiris ardchaighdeáin ealaíne trí mheán na Gaeilge. Ensuring that Gaeltacht communities have access to a wide range of high-quality arts experiences through the medium of the Irish language.

**06** Cinntiú go bhfuil na healaíona Gaeltachta daingnithe sna háiteanna, cultúir agus pobail uathúla den Ghaeltacht. Ensuring that the Gaeltacht arts are grounded in the unique places, cultures and communities of the Gaeltacht.

**07** Cuidiú le healaíontóirí Gaeltachta ina bhforbairt ar phróifílí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Assisting Gaeltacht artists in developing national and international profiles.

### Cén fáth a bhfuil tábhacht le healaíona na Gaeltachta?

Tá earnáil ealaíon na Gaeltachta bunaithe ar chloch coirnéil de thraidisiúin agus de chleachtais chultúir shaibhre uathúla atá faoi bhláth i gceantair Ghaeltachta na hÉireann. Baineann sé leas as ealaíona agus as cleachtais chomhaimseartha chultúrtha, agus tá sé ag fás go leanúnach trí chumasc de thionchair thraidisiúnta agus chomhaimseartha. Léiriú atá ann d'athruithe domhanda, sóisialta, cultúrtha agus geilleagracha agus tá sé faoi thionchar na timpeallachta ealaíne in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá ealaíona na Gaeltachta traidisiúnta agus comhaimseartha araon, tá siad faoin tuath agus uirbeach, ábhartha do gach aois, inrochtana ag pobail sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht agus meallann siad lucht féachana sa bhaile agus i gcéin.

Cuid lárnach d'oidhreacht chultúrtha uathúil na Gaeltachta is ea an líne leanúnach gan bhriseadh de chleachtas ealaíon Gaeilge, atá lárnach sa bhféinléiriú aonair agus tiomsach, agus ina chloch coirnéil ag pobal beo. San am i láthair, is é sin an bhunchloch do thírdhreach ealaíne Gaeltachta atá maisithe go seó, ilchineálach agus ilghnéitheach.

Go traidisiúnta, ní raibh aon deighilt déanta ag pobail Ghaeltachta idir cultúr na ealaín agus an saol a bhí acu ó lá go lá agus níor bhreathnaigh siad orthu mar nithe ar leith. Bhreathnaigh siad ar ealaín agus ealaíontóirí mar chuid lárnach dá saol laethúil, doscartha ó na pobail ina raibh sé déanta. Bhí sé sin fíor go háirithe i gcás na n-ealaíon teangabhunaithe agus na litríochta béil. Braitheadh ceangail spioradálta agus cultúrtha leis an timpeallacht chomh maith. Maireann na coincheapa agus na bealaí smaointeoireachta sin go fóill agus tugann siad ábhar do chuid mhaith ealaíontóirí comhaimseartha Gaeltachta. Go dtí an lá atá inniu ann, tá na healaíona ina gcuid lárnach agus orgánach de shaol na Gaeltachta, ag coinneáil a bhfeidhm agus a dtábhacht i saol laethúil an phobail. Cruthaíonn sé sin rud atá uathúil agus luachmhar; rud éigean atá caillte ina lán sochaithe agus pobail eile ar fud an domhain.

Is féidir a rá go bhfuil an Ghaeltacht ar thairseach an dá shaol – áit 'idir eatarthu' ina bhfuil, san am i láthair, dhá shaol, dhá theanga agus dhá chultúr ag imbhualadh, ag dul i ngleic lena chéile agus ag comhtháthú: an traidisiún agus an nua-aois; an Ghaeilge – an chéad teanga, a bhfuil a todhchaí mar theanga pobail faoi bhrú – agus an Béarla, ceannasach go domhanda; cultúr dúchasach agus cultúr atá ar leibhéal domhanda. Gné bhunúsach de shaol na Gaeltachta is ea an dúbailteacht agus an nádúr déach – dhá theanga, dhá chultúr agus dhá dhearcadh éagsúla ar an saol ag sreabhadh trí intinn mhuintir na háite. Aithníonn pobail na Gaeltachta iad féin mar ghrúpa cultúrtha ar leith ach feiceann siad iad féin freisin mar chuid d'Éirinn, den Eoraip agus den domhan i gcoitinne.

### *Why are the Gaeltacht arts important?*

*The Gaeltacht arts sector has been founded on the cornerstone of the traditions and practices of a rich and unique culture which thrives in the Gaeltacht regions of Ireland. It draws upon contemporary arts and cultural practices, and is continually evolving through a fusion of traditional and contemporary influences. It reflects global, social, cultural and economic changes and it is influenced by the wider arts and cultural environment in Ireland and internationally. The Gaeltacht arts are both traditional and contemporary, rural and urban, relevant to all ages, accessible to both the Gaeltacht and the non-Gaeltacht communities attracting audiences at home and abroad.*

*An integral part of the Gaeltacht's unique cultural heritage is an unbroken line of Irish-language arts practice, central to individual and collective expression and the cornerstone of a living community. Today, this is the foundation of a richly-textured, diverse and multifaceted Gaeltacht arts landscape.*

*Traditionally, Gaeltacht communities did not separate culture or art from their day-to-day lives or see them as being something distinct. They regarded the arts and artists as an integral component of daily life, inseparable from the communities in which it was made. This was particularly true of the language-based arts and oral literature. Spiritual and cultural connections with the environment were felt strongly as well. These concepts and ways of thinking survive and inform many contemporary Gaeltacht artists. To this day, the arts are an integral and organic part of Gaeltacht life, retaining their function and importance in the everyday life of communities. This creates something unique and valuable; something which has being lost in many other societies and communities throughout the world.*

*The Gaeltacht could be said to be ar thairseach dhá shaol – an 'in-between' place where, today, two worlds, two languages and two cultures collide, clash and coalesce: the traditional and the modern; An Ghaeilge – the first language, whose future as a community language is under threat and the English language – world dominant; indigenous and globalised culture. Duality and possessing a dual-nature is part and parcel of living in the Gaeltacht – two languages, two cultures and two different worldviews ebb and flow in the minds of the inhabitants. Gaeltacht communities self-identify as a distinct cultural group but also see themselves as being part of Ireland, Europe and the wider world.*

*"The history of the loss of language, of the loss of people, of the sense of periphery is too well known. Today, there is another looming loss. It is the loss of identity into a vast, bottomless global cultural homogeneity. Blandness and sameness are accompanying globalisation like algae spreading on stagnant water. It is a monoculture, depriving communities and people of the oxygen of individuality."*

**Orlaith McBride – Director of the Arts Council of Ireland**

As an gcomhthéacs uathúil sóisialta, cultúrtha agus sochtheangeolaíoch a d'fhorbair ealaíona na Gaeltachta. Cuireann traidisiún saibhir maisiúil chultúr agus theanga na Gaeltachta bunchloch nó cúlra ar fáil d'ealaíontóir na Gaeltachta chun smaointe agus coincheapa nua a fhorbairt. Nasctar coincheapa dúchasacha cultúrtha le cleachtais chomhaimseartha chun léirithe nua barántúla a chruthú. Tá na formáidí agus na léirithe nua comhaimseartha ealaíne seo tar éis bealaí nua de chleachtas cruthaithe a chur ar fáil, cinn atá uathúil, soiléir, barántúil agus luachmhar. Is í an Ghaeilge an comhábhar lárnach i gcruthú ealaíona na Gaeltachta mar shócmhainn luachmhar uathúil náisiúnta.

Ní i bhfolús atá na healaíona Gaeltachta. Baineann siad tairbhe as réimse de chomhchaidrimh leis na healaíona leitheadacha Éireannacha agus idirnáisiúnta agus cuireann siad le héagsúlacht agus beogacht na n-ealaíon Éireann. Tugann ealaíona comhaimseartha agus traidisiúnta na Gaeltachta bealach dúinn le breathnú orainn féin agus ar an domhan ó spás difriúil, ó dhearcadh difriúil, ó chultúr difriúil agus ó thaithí difriúil – tugann siad bealach le breathnú ar an domhan mór trí lionsa difriúil, téamaí comhchoiteanna a scrúdú ó dhearcadh difriúil, trí thuin teanga eile.

Tá na healaíona Gaeltachta idirghníomhach. Tá siad tagtha slán, oiriúnaithe agus forbartha thar na céadta bliain, in ainneoin a bheith imeallaithe agus díshealbhaithe go cultúrtha agus ó thaobh teanga de. Tá áit ar leith i sochaí na hÉireann ag an nGaeltacht agus ag pobail na Gaeltachta agus leanann siad orthu ag déanamh ionchuir atá bunriachtanach inár bhforbairt agus inár bhféiniúlacht náisiúnta. Lena chois sin, tá tionchar intomhaiste ag na healaíona Gaeltachta ar an eacnamaíocht áitiúil agus náisiúnta, ar shláinte agus folláine, ar an sochaí agus ar an oideachas.

Breathnaíonn Ealaín na Gaeltachta ar na healaíona Gaeltachta mar acmhainn náisiúnta. Creidimid gur sócmhainn luachmhar iad, acmhainn a chuireann go mór le saol cultúrtha ár dtíre agus ceann a shaibhríonn saol ár saoránach.

*It is from within the unique social, cultural and sociolinguistic context that the Gaeltacht arts evolve. The rich, ornate tradition of Gaeltacht culture and language provides a foundation or backdrop for the Gaeltacht artist to develop new creative ideas and concepts. Indigenous cultural concepts are fused with contemporary practices to create new and authentic cultural expressions. These new contemporary arts formats and expressions have brought forth new avenues of creative practice that are unique, distinct, authentic and valuable. The Irish language is the vital ingredient in making the Gaeltacht arts a valuable and unique national asset.*

*The Gaeltacht arts do not exist in a vacuum. They enjoy a spectrum of relationships with the wider Irish and international arts and add to the diversity and vitality of the Irish arts. The contemporary and traditional Gaeltacht arts offer us a way of looking at ourselves and at the world from a different space, a different perspective, a different culture and a different experience – they offer a way to view the world through a different lens, explore universal themes from a different perspective, through the cadences of another language.*

*The Gaeltacht arts are dynamic. They have survived, adapted and evolved over hundreds of years, despite marginalisation and cultural and linguistic dispossession. The Gaeltacht and Gaeltacht communities hold a unique place in Irish society and continue to make an essential contribution to our national development and identity. In addition, the Gaeltacht arts have a measurable and sustainable impact on the local and national economy, on health and wellbeing, on society and on education.*

*Ealaín na Gaeltachta views the Gaeltacht arts as a strategic national resource. We believe they are a valuable asset, a resource that adds greatly to the cultural life of our country and one that enriches the lives of our citizens.*

# 2. EOLAS FAOI EALAÍN NA GAELTACHTA / *ABOUT EALAÍN NA GAELTACHTA*

## An tionchar go dtí seo / Impact to date

Ó bunaíodh é in 1997, tá tionchar suntasach imeartha ag Ealaín na Gaeltachta ar thírdhreach na n-ealaíon sa Ghaeltacht. In ainneoin ciorruithe troma ó 2008 i leith, taispeánann tuarascálacha agus meastóireachtaí a choimisiúnaigh Ealaín na nithe seo: / *Since its establishment in 1997, Ealaín na Gaeltachta has had a substantial impact on the arts landscape in the Gaeltacht. Despite severe cutbacks from 2008 on, reports and evaluations commissioned by Ealaín show that:*

- Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon a bhfuil sé de chumas acu cláir agus imeachtaí ealaíne a chur ar fáil trí Ghaeilge. The number of artists and arts organisations with the capacity to deliver arts programmes and events through the Irish language has increased substantially.
- Tá méadú suntasach tagtha ar fhorbairt an infreastruchtúir agus na n-ionad ealaíne ar fud na Gaeltachta. There has been a significant increase in the development of arts infrastructure and venues throughout the Gaeltacht.
- Tá fáil anois ag pobail na Gaeltachta ar réimse níos leithne d'imeachtaí ardchaighdeáin ealaíne. Gaeltacht communities now have access to a wider range of high-quality arts events.
- Tá méadú tagtha ar chumas ealaíontóirí slí bheatha a bhaint as na healaíona sa Ghaeltacht. Artists' capacity to make a living in the arts in the Gaeltacht has increased.
- Tá comhpháirtíochtaí agus caidrimh oibre bunaithe idir eagraíochtaí Gaeltachta, náisiúnta agus idirnáisiúnta atá freagrach as forbairt na n-ealaíon, rud a chuireann deiseanna nua ar fáil d'ealaíontóirí agus do lucht féachana na Gaeltachta. Partnerships and working relationships have been established between Gaeltacht, national and international organisations responsible for the development of the arts, offering new opportunities for Gaeltacht artists and audiences.
- Tá méadú tagtha ar an tsuim atá in ealaíona Gaeltachta. Investment in the Gaeltacht arts has grown.
- Tá c.200 duine fostaithe sna healaíona sa Ghaeltacht le cabhair ón Údarás. c. 200 people are employed in the arts in the Gaeltacht with Údarás support.

## Ár n-obair / Our work

Rinneadh an tacaíocht atá tugtha ag Ealaín na Gaeltachta do na healaíona Gaeltachta le 20 bliain anuas a roinnt amach go príomha trí chúig scéim mhaoinithe / Ealaín na Gaeltachta's support of the Gaeltacht arts over the past 20 years has been deployed primarily through five funding schemes:

### Scéim Príomhréimsí Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht

a thugann tacaíocht don fhorbairt ar infreastruchtúr agus timpeallachta ealaíne na Gaeltachta trí thacú le tionscadail straitéiseacha i réimsí ina bhfuil bearnaí aitheanta. / supports the development of the Gaeltacht arts infrastructure and environment by supporting strategic projects in areas with identified gaps in provision.

### Scéim Sparánachta sna hEalaíona

a aithníonn agus a thacaíonn le forbairt na sármhaitheasa i saothar ealaíontóirí na Gaeltachta trí infheistiú sa bhforbairt ar chleachtas ealaíonta na n-ealaíontóirí aonair. / recognises and supports the development of excellence in the work of Gaeltacht artists by investing in the development of the artistic practice of individual artists.

### Scéim na bhFeilte Ealaíne sa Ghaeltacht

a thugann tacaíocht don fhorbairt ar fhéilte ealaíne Gaeilge sa Ghaeltacht, agus ar eilimintí Gaeilge d'fhéilte ealaíne sa Ghaeltacht. / supports the development of Irish-language arts festivals in the Gaeltacht, and the Irish-language elements of arts festivals in the Gaeltacht.

### Scéim Forbartha na nEalaíon,

tionscadal atá dírithe ar acmhainn a chothú agus a thógáil san earnáil. (Scortha mar gheall ar shrianta maoinithe in 2014) / a project award, focused on nurturing and building capacity in the sector. (Discontinued due to funding restrictions in 2014).

### Scéim Síol

a thairgíonn síolmhaoiniú mar spreagadh forbartha do réimse de thionscadail, imeachtaí agus deiseanna oiliúna nua agus d'ealaíontóirí gairmiúla chomh maith le grúpaí pobail atá gafa leis na healaíona / offers seed funding as a developmental stimulus to a range of new projects, events and training opportunities by and for professional artists as well as for community groups engaging with the arts.



In éineacht leo sin, tugtar faoi bhreis tionscadal agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha, lena n-airítear, le blianta anuas: / *Alongside these, additional strategic projects and partnerships are undertaken, including, in recent years:*

**Na Comharsain Cheilteacha & Tosta** - tionscadail idirnáisiúnta le limistéir mhionteangacha Eorpacha eile lena n-áirítear Príomhchathracha Cultúir na hEorpa / international projects with other European minority language areas, including European Capitals of Culture

**Aisling?** - coimisiún mór mar chuid de chlár comórtha 2016 / a major commission as part of the 2016 commemoration programme.

**Garraí an Ghiorria** - idirghabháil shaincheaptha i bhforbairt na hamharclannaíocht agus na drámaíochta in Éirinn / a bespoke intervention in the development of Irish language theatre and drama

**Éire Ildánach** - clár comhpháirtíochta de thionscadail straitéiseacha ar fud na Gaeltachta / a partnered programme of strategic projects across the Gaeltacht

**Centre Culturel Irlandais, Páras** - cónaitheacht chómhaoinithe d'ealaíontóirí / a co-funded artist residency

**Oíche Chultúir** - comhordú bliantúil den ócáid náisiúnta seo sa Ghaeltacht / annual co-ordination of this nationwide event in the Gaeltacht

---

**Bord, Foireann agus struchtúr**

Fochuideachta d'Údarás na Gaeltachta is ea Ealaín (na Gaeltachta) Teo. a bhfuil bord neamhspleách de chúigear stiúrthóirí air. Is iad sin, comhalta Boird de chuid Údarás na Gaeltachta, beirt chomhaltaí seachtracha agus beirt bhall foirne de chuid Údarás na Gaeltachta.

Ina struchtúr foirne faoi láthair tá bainisteoir (fostaithe ag Údarás na Gaeltachta) agus triúr Áisitheoirí Ealaíon atá fostaithe ag Ealaín na Gaeltachta. Cuid lárnach de rathúlacht oibre Ealaín is ea an t-eolas áitiúil, inrochtaineacht, agus rannpháirtíocht fhadtéarmach na nÁisitheoirí le tírdhreach na n-ealaíon réigiúnach.

***Board, staffing & structure***

*A subsidiary of Údarás na Gaeltachta, Ealaín (na Gaeltachta) Teo. has an independent board of five directors, composed of a board member of Udarás na Gaeltachta, two external members and two staff members of Údarás na Gaeltachta.*

*Its staffing structure currently consists of a manager (employed by Údarás na Gaeltachta) and three regional Áisitheoirí Ealaíona (Arts Facilitators) employed by Ealaín na Gaeltachta. The Áisitheoirí's local knowledge, accessibility and long-term engagement with regional arts landscapes are key to the success of Ealaín's work.*

## 3. COMHTHÉACS REATHA / *CURRENT CONTEXT*



Cuireadh i bhfeidhm an straitéis 2013-2016 in am dúshlánach do na healaíona agus do na heagraíochtaí ealaíne gach áit in Éirinn mar gheall ar an timpeallacht shrianta eacnamaíoch. Ar aon dul le heagraíochtaí eile, b'éigean d'Ealaín na Gaeltachta oiriúnú a dhéanamh agus roghnaigh sé comhdhlúthú a dhéanamh ar phríomh-eagraíochtaí agus ar phríomhthionscadail. In ainneoin na timpeallachta dúshlánaí, lean Ealaín na Gaeltachta de bheith ag cuidiú leis an earnáil agus ag forbairt gníomhaíochtaí ealaíne sa Ghaeltacht, más ag leibhéal teoranta féin é. Tá feabhas ag teacht ar an timpeallacht airgeadais do na healaíona de réir a chéile, tá deiseanna nua ag teacht chun cinn do na healaíona Gaeltachta, tá níos mó deiseanna comhpháirtíochta straitéisí ag teacht chun cinn mar aon le níos mó deiseanna chun méadú a chur ar fhollasacht, inmharthanacht agus próifíl na n-ealaíon Gaeltachta.

*Our previous strategy 2013-2016 was implemented in what was a challenging time for arts and arts organisations everywhere in Ireland due to the constricted economic environment. Like other organisations, Ealaín na Gaeltachta had to adapt and chose to prioritise consolidating key organisations and projects. Despite the testing environment, Ealaín na Gaeltachta continued to enable the sector to develop arts activity in the Gaeltacht, albeit at a limited level. The financial environment for the arts is gradually improving, new opportunities for the Gaeltacht arts are emerging, more strategic partnership opportunities are arising along with greater opportunities to increase the viability, visibility and profile of the Gaeltacht arts.*

### An Teanga

Is é an dúshlán fadtéarmach is mó atá ag obair Ealaín na Gaeltachta ná an bhagairt atá ar an nGaeilge féin mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta. Tá an Próiseas Pleanála Teanga atá ar siúl faoi láthair ag cur deiseanna agus dúshláin araon ar fáil do na healaíona Gaeltachta. Tá aitheantas agus meas á fháil anois ag na deiseanna atá i ról sárluachmhar sin na n-ealaíon - ag cur beochta agus saibhris sa teanga, ag mealladh daoine óga agus á gcur ag obair leis an teanga, agus mar ghné riachtanach de na pobail bhríomhara agus feabhas an tsaoil a mheallann agus a choinníonn leibhéil inmharthana daonra Gaeltachta. Tá dúshláin ag baint leis an bhfreastal ar bhorradh ionchasach atá tagtha san éileamh ar ealaíontóirí a bhfuil Gaeilge acu chomh maith leis na cineálacha agus na leibhéil chuí scileanna agus saineolais.

### *Language*

*The largest ongoing challenge to Ealaín na Gaeltachta's work is the threat to the Irish language itself as the primary language of the Gaeltacht communities. The Language Planning Process currently underway offers both opportunities and challenges to the Gaeltacht arts. Opportunities in that the invaluable role of the arts - in enlivening and enriching language, in attracting and engaging young people with the language and as an essential element of the vibrant communities and quality of life which attract and retain viable Gaeltacht population levels - is now being recognised and valued. Challenges exist in meeting a potential surge in demand for Irish-speaking arts practitioners with the appropriate types and levels of skill and expertise.*

### Daoine

Chun tacú le healaíontóirí sármhaitheas a bhaint amach ina gcuid oibre, forbairt a dhéanamh ar thionscadail níos uaillmhianaí, mar aon le cothabháil nó forbairt agus cothú a dhéanamh ar ghairmeacha inmharthana sa Ghaeltacht, caithfimid méadú a chur ar ár leibhéil thacaíochta sparánachta agus maoiniú tionscadail a thabhairt ar ais arís.

Ní mór dúinn tacú leis an bhforbairt ar ghlúin nua de cheannairí agus d'áisitheoirí cultúrtha sa Ghaeltacht a mbeidh Gaeilge acu, ionas go gcoinneofar agus go bhfásfar acmhainn taobh istigh d'eagraíochtaí ealaíne Gaeltachta agus tacú leis an bhforbairt ar cheannairí tionscadail a mbeidh taithí acu chun na deiseanna reatha agus na cinn sa todhchaí a bhaint amach.

### People

*In order to support artists in achieving excellence in their work, developing more ambitious projects and maintaining or developing and sustaining viable careers in the Gaeltacht, we need to increase our levels of bursary support, and to re-introduce project funding.*

*We need to support the development of a new generation of Irish-speaking cultural leaders and enablers in the Gaeltacht in order to maintain and grow capacity within Gaeltacht arts organisations and to support the development of experienced project leaders to realise current and future opportunities.*

## Maoiniú

Agus sinn ag teacht isteach i dtimpeallacht eacnamaíoch atá níos dearfaí, ní mór dúinn a aithint go bhfuil dúshláin fós le sárú ag roinnt de phríomh-eagraíochtaí ealaíon na Gaeltachta mar gheall ar leibhéil ísle mhaoinithe. Teastaíonn breis infheistíochta uathu sin chun go mbeidís in ann fás, forbairt a dhéanamh ar a gcumas chun a mboinn mhaoinithe a leathnú agus a n-ionchas iomlán a bhaint amach chun freastal ar phobail agus ar ealaíontóirí Gaeltachta.

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfreagróimid deiseanna maidir le daoine óga – ár n-ealaíontóirí agus ár bpobail Ghaeltachta sa todhchaí – na healaíona sa tírdhreach ealaíne náisiúnta (m.sh. an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, An Óige Ildánach), mar aon le bearnaí tíreolaíocha agus foirme ealaíne sa Ghaeltacht a aithint trí mhéadú a chur ar ár n-infheistíocht i ndaoine óga agus sna healaíona sa Ghaeltacht.

Leis an athrú agus an éabhlóid leanúnach atá ag teacht ar an timpeallacht taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht, tá sé in am anois taighde nua a choimisiúnú chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag infheistíocht agus ionchur Ealaín na Gaeltachta agus chun bunús a chur ar fáil don fhorbairt straitéiseach agus inmharthana ar na healaíona Gaeltachta don todhchaí.

## *Funding*

*As we emerge into a more positive economic environment, we need to recognise that a number of key Gaeltacht arts organisations are still facing challenges due to low levels of funding. These need further investment in order to grow, develop the capacity to broaden their funding bases and realise their full capacity to serve Gaeltacht communities and artists.*

*We need to ensure that we respond to opportunities in relation to young people – our future Gaeltacht artists and communities - and the arts in the national arts landscape (e.g. 20 Year Strategy for the Irish Language, Creative Youth), as well as to identified geographical and artform gaps in the Gaeltacht by increasing our investment in young people and the arts in the Gaeltacht.*

*With the environment within and outside of the Gaeltacht continuing to change and evolve, it is now time to commission new research to assess the impact of Ealaín na Gaeltachta's investment and contribution and to provide the basis for the strategic and sustainable development of the Gaeltacht arts into the future.*




## Acmhainn

De réir mar atá an acmhainn in earnáil ealaíon na Gaeltachta ag fás go leanúnach agus comhthéacsanna agus deiseanna nua atá teacht chun cinn, tá róil fhoireann Ealaín na Gaeltachta ag athrú go leanúnach, agus chuige sin tá gá le tiomantas leanúnach don acmhainn eagraíochtúil agus le hinfheistíocht a dhéanamh inti.

## *Capacity*

*As capacity within the Gaeltacht arts sector continues to grow and new contexts and opportunities emerge, the roles of the Ealaín na Gaeltachta team continue to evolve, requiring an ongoing commitment to and investment in organisational capacity.*

# Réimsí deiseanna

## An Ghaeltacht

Laistigh den Ghaeltacht, cuireann an fhorbairt ar thionscail chultúrtha, turasóireacht chultúrtha agus gréasán de mhoil dhigiteach fáil ar dheiseanna agus ar fhostaíocht dhíreach nó chomhlántach d'ealaíontóirí Gaeltachta agus d'ealaíona Gaeltachta. Tá na spriocanna atá ag Gaillimh 2020 (ina bhfuil an Ghaeltacht iomlán áirithe ina réimse) ag tacú agus ag comhlánú obair Ealaín na Gaeltachta agus thimpeallacht ealaíne na Gaeltachta i gcoitinne, agus lena chois sin cuirfidh sé deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí agus do phobail Ghaeltachta.

## *An Ghaeltacht*

*Within the Gaeltacht, the development of the creative industries, cultural tourism and a network of digital hubs offer direct or complementary opportunities and employment to Gaeltacht artists and the Gaeltacht arts. The objectives of Galway2020 (which includes the entire Gaeltacht in its ambit) support and complement the work of Ealaín na Gaeltachta and the wider Gaeltacht arts environment and also offer opportunities to Gaeltacht artists and communities.*

## Go náisiúnta

De bhreis ar ár ngarthimpeallacht, bíonn tionchar suntasach ag polasaí agus imeachtaí náisiúnta ar a bhfuil amach romhainn go ceann blianta. Déanann an straitéise beart nó comhlánaíonn sé na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016-2025 Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, straitéis reatha Údarás na Gaeltachta, Plean Gníomhaíochta 2018-2022 an rialtais don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus Ár nAcmhainneacht Tuaithe a Bhaint Amach, plean gníomhaíochta an rialtais don fhorbairt tuaithe. Téann sé i dteagmháil leis na haidhmeanna agus na téamaí atá i dTionscadal Éireann 2040, Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027, mar atá ráite sa Chlár Éire Ildánach agus sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, agus an cás d'infheistíocht chultúrtha imlínithe ansin go díreach, infheidhmithe go hiomlán don chomhthéacs Gaeltachta.

## *Nationally*

*In addition to our immediate environment, national policy and events have a significant bearing on our outlook for the coming years. This strategy delivers on or complements the goals set out in the Arts Council Strategy 2016-2025 Making Great Art Work, Údarás na Gaeltachta's current strategy, the government's Action Plan 2018-2022 for the 20 Year Strategy for the Irish Language and Realising our Rural Potential, the government's action plan for rural development. It engages with the goals and themes of Project Ireland 2040 Investing in our Culture, Language & Heritage 2018-2027, as expressed in the Creative Ireland Programme and the National Spatial Strategy, with the case for cultural investment outlined there directly and entirely applicable to the Gaeltacht context.*

## An Eoraip

I gcomhthéacs na hEorpa, dhírigh ár gcuid oibre go dtí seo ar fhorbairt caidreamh comhoibríoch leis na ceantair i mballstáit eile ina bhfuil mionteangacha i réim. Feicimid deiseanna chun an obair sin a leanúint agus a leathnú amach trí chomhpháirteachas le Clár na hEorpa Cruthaithí (2014-2020) agus an ceann a leanfaidh é.

## *Europe*

*In the European context, our work to date has focused on the development of collaborative relationships with the areas of other member-states where minority languages reside. We see opportunities to continue and expand this work via engagement with the Creative Europe Programme (2014-2020) and its successor.*

# 4. EOLAS DÁR bhFÍS / *INFORMING OUR VISION*

- Is í an Ghaeilge príomhtheanga na Gaeltachta agus tá teanga lárnach i gcleachtadh agus i dtuiscint na bhfoirmeacha ealaíne ar fad. / *Irish is the primary language of the Gaeltacht and language is central to the practice and appreciation of all artforms.*

- Tá meas againn ar chultúr uathúil na Gaeilge agus aithnímid í mar chomhpháirt ríthábhachtach den léiriú ealaíonta sa Ghaeltacht. Tá meas againn freisin ar an ról a bhí ag na healaíona Gaeltachta chun beocht a chur sa Ghaeilge taobh istigh de phobal na Gaeltachta. / *We value the unique culture of the Irish language and recognise it as a vital component of artistic expression in the Gaeltacht. We also value the role played by the Gaeltacht arts in enlivening the Irish language within the Gaeltacht community.*

- Tá meas againn ar na healaíona agus ar chumas na n-ealaíon beatha daoine aonair agus pobail a shaibhriú. Tá meas againn freisin ar an ról atá ag na healaíona i ndeimhniú ar bhféiniúlachtaí pearsanta, cultúrtha agus náisiúnta. / *We value the arts and the ability of the arts to enrich the lives of individuals and society. We also value the role the arts play in defining our personal, cultural and national identities.*

- Tá meas againn ar chultúr uathúil na Gaeltachta agus tá meas againn ar na healaíona Gaeltachta mar shócmhainn chultúrtha atá uathúil agus tábhachtach, modh barántúil de léiriú ealaíonta agus léiriú d'fhéiniúlacht chultúrtha. / *We value the unique culture of the Gaeltacht and value the Gaeltacht arts as being a unique and important cultural asset, an authentic means of artistic expression and an expression of cultural identity.*

- Tacaímid agus spreagaimid sármhaitheas sna healaíona agus tacaímid leis an tsármhaitheas ealaíonta atá ann cheana féin. / *We support and stimulate excellence in the arts and support artistic excellence where it already exists.*

- Tá meas againn ar ról an ealaíontóra, agus aithnímid agus déanaimid freastal ar riachtanais na n-ealaíontóirí Gaeltachta. / *We value the role of the artist and identify and serve the needs of Gaeltacht artists.*

- Tá meas againn ar chomhpháirtíocht & ar chomhoibriú mar mheicníochtaí riachtanacha d'fhorbairt agus d'inmharthanacht tírdhreacha sláintiúil ealaíne Gaeltachta. / *We value partnership & collaboration as essential mechanisms for the development and sustaining of a healthy Gaeltacht arts landscape.*

- Tá sé riachtanach a bheith láithreach agus inrochtana sa phobal chun ár gcúram a chur i gcrích go rathúil. / *Being present and accessible in the community is essential to successfully fulfilling our remit.*

- Tá ealaíona na Gaeltachta dinimiciúil, ag éabhlóidiú go leanúnach agus á sainmhíniú féin as an nua go leanúnach. / *The Gaeltacht arts are dynamic, continually evolving and continually redefining themselves.*

# 5. ÁR bhFÍS A FHEIDHMIÚ / *IMPLEMENTING OUR VISION*

- Cosnaímid, tacaímid agus táimid ar son na n-ealaíon Gaeilge sa Ghaeltacht. / *We champion, support and advocate for the Irish-language arts in the Gaeltacht.*

- Fásaimid acmhainn na n-ealaíon Gaeltachta trí thacú le forbairt infreastruchtúir ealaíne atá bríomhar agus táirgiúil agus a thugann tacaíocht d'ealaíontóirí aonair, eagraíochtaí agus grúpaí ealaíne agus pobail Ghaeltachta. / *We grow the capacity of the Gaeltacht arts by supporting the development of a vital and productive arts infrastructure that supports individual artists, arts organisations and groups and the Gaeltacht communities.*

- Déanaimid freastal ar phobail ilchineálacha na Gaeltachta agus tacaímid leo bheith páirteach in eispéiris ardchaighdeán ealaíne. / *We serve the diverse Gaeltacht communities and support them to participate in high-quality arts experiences.*

- Coinnímid fócas tiomanta ar dhaoine óga agus ar na healaíona sa Ghaeltacht. / *We maintain a dedicated focus on young people and the arts within the Gaeltacht.*

- Cinntímid go bhfaigheann ealaíontóirí na Gaeltachta cuireadh agus go mbíonn siad le feiceáil taobh istigh agus i measc na bpobal náisiúnta agus idirnáisiúnta. / *We ensure Gaeltacht artists are invited and visible within and among national and international communities.*

- Déanaimid ionadaíocht thar cheann ealaíontóirí Gaeltachta i gcomhráite a mbeidh tionchar acu ar a slí bheatha agus ar a gcleachtais ealaíonta. / *We represent Gaeltacht artists in conversations that will impact their livelihood and artistic practices.*

- Déanaimid cur chun cinn agus éascú ar an rochtain ar acmhainní do phobal ealaíne na Gaeltachta. / *We promote and facilitate access to resources for the Gaeltacht arts community.*

- Déanaimid abhcóideacht d'ealaíona na Gaeltachta. / *We advocate for the Gaeltacht arts.*

- Oibrímid go straitéiseach, agus déanaimid monatóireacht agus luacháil ar ár gcuid oibre ar bhonn leanúnach. / *We work strategically, and monitor and evaluate our work on an ongoing basis.*

# 6. MISEAN / *MISSION*

**Forbairt na n-ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta sa Ghaeltacht a chur chun cinn / ** *To promote the development of the contemporary and traditional arts in the Gaeltacht.*

## AIDHMEANNA / *AIMS*

**Is iad seo na príomhaidhmeanna atá ag Ealaín na Gaeltachta /** *The primary aims of Ealaín na Gaeltachta are:*

Tacaíocht a thabhairt agus cothú agus forbairt a dhéanamh ar ealaíona na Gaeltachta, agus béim ar leith ar chothú na n-ealaíon Gaeilge, mar aon le ceiliúradh a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht uathúil chultúrtha.

*To support, sustain and develop the Gaeltacht arts, with a particular emphasis on nurturing the Irish language arts and celebrating our unique cultural identity.*

A chinntiú go gcuirfear dóthain tacaíochtaí ar fáil d'ealaíontóirí Gaeltachta ionas go mbeidh an acmhainn agus na scileanna acu chun a n-ionchas a bhaint amach.

*To ensure adequate supports are provided to Gaeltacht artists so that they have the capacity and skills to fulfill their potential.*

An soláthar de struchtúir agus de thimpeallacht a éascú ionas go mbeidh níos mó deiseanna ag pobail na Gaeltachta a bheith páirteach, ag comhroinnt, ag neartú agus ag ceiliúradh a gcultúr uathúil trí chleachtadh agus comhpháirtíocht sna healaíona nó mar lucht féachana.

*To facilitate the provision of structures and environment whereby Gaeltacht communities have greater opportunities to participate in, share, strengthen and celebrate their unique culture, through arts practice, participation or as audiences.*

A chinntiú go gcuirfear dóthain tacaíochtaí ar fáil d'eagraíochtaí ealaíne Gaeltachta ionas go mbeidh siad in ann méadú a chur ar a n-acmhainn agus a n-aschur ealaíonta, méadú a chur ar na tacaíochtaí agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil d'ealaíontóirí agus don phobal, agus ról lárnach a bheith acu i bhforbairt na earnála ealaíne na Gaeltachta ina iomláine.

*To ensure adequate supports are provided to Gaeltacht arts organisations so as they can increase their capacity and their artistic output, increase the supports and services they provide to artists and to the community, and play a central role in the growth of the Gaeltacht arts sector as a whole.*





# 7. TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA & GNÍOMHAÍOCHTAÍ / *STRATEGIC PRIORITIES & ACTIONS*

Tá ár dtosaíochtaí straitéiseacha don tréimhse 2018-2022 bunaithe ar an gcomhthéacs reatha agus na deiseanna atá ann. / *Our strategic priorities for the period 2018-2022 are informed by the current context and its opportunities, directed by our mission and aims and anchored in our vision.*

**Seo iad na tosaíochtaí láithreacha atá againn don tréimhse seo romhainn / *Our immediate priorities for this coming period are to:***

**01** Breis infheistíochta a dhaingniú in infreastruchtúr agus in eagraíochtaí ealaíne reatha sa Ghaeltacht. *Secure increased investment in existing Gaeltacht arts infrastructure and organisations.*

**02** Na tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a mhéadú. *Increase supports to Gaeltacht artists.*

**03** Tacú leis an bhforbairt ar cheannairí agus ar chumasóirí cultúrtha. *Support the development of cultural leaders and enablers.*

**04** Infheistíocht a mhéadú sna daoine óga agus sna healaíona sa Ghaeltacht. *Increase investment in young people and the arts in the Gaeltacht.*

**05** Cumas eagraíochtúil Ealaín na Gaeltachta a fhás. *Grow Ealaín na Gaeltachta's organisational capacity.*


**06** Taighde a choimisiúnú ar ealaíona Gaeltachta agus ar an tionchar atá ag infheistíocht agus tacaíocht leanúnach Ealaín na Gaeltachta. *Commission research on the Gaeltacht arts and on the impact of Ealaín na Gaeltachta's ongoing investment and support.*

De bhreis ar na tosaíochtaí láithreacha seo, leanfaimid de bheith ag tacú agus ag forbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht trí / *In addition to these immediate priorities, we will continue to support and develop the arts in the Gaeltacht by:*

**07** Cuidiú le pobail na Gaeltachta dul i mbun na n-ealaíon. *Facilitating Gaeltacht communities to engage with the arts.*

**08** Abhcóideacht a dhéanamh d'ealaíona na Gaeltachta. *Advocating for the Gaeltacht arts.*

# 01 **Breis infheistíochta a dhaingniú in infreastruchtúr agus eagraíochtaí ealaíne reatha sa Ghaeltacht** / Secure increased investment in existing Gaeltacht arts infrastructure and organisations



## Cén fáth an tosaíocht seo?

Déanann infreastruchtúr láidir ealaíne cothú agus athnuachan ar na healaíona sa Ghaeltacht ar bhonn leanúnach. Déanfaidh breis infheistíochta i bpríomheagraíochtaí éascú ar dheiseanna agus ar fhostaíocht d'ealaíontóirí; cuirfidh sé níos mó deiseanna ar fáil do phobail Ghaeltachta a bheith páirteach sna healaíona agus chun cultúr uathúil na Gaeltachta a chomhroinnt agus a neartú trí chleachtas agus rannpháirteachas san ealaín nó mar lucht féachana; timpeallachtaí cuí oibre agus taibhithe a chruthú agus a chothabháil ar fud na gcineálacha ealaíon ar fad agus éascóidh sé an fhorbairt ar ghréasáin chultúrtha, ar cheannairí cultúrtha agus ar áisitheoirí. Le linn na géarchéime eacnamaíochta, rinneadh laghdú substaintiúil ar an infheistíocht d'infreastruchtúr ealaíne na Gaeltachta a bhí tearcfhorbartha mar a bhí sé. Tá gá le tuilleadh infheistíochta anois chun príomheagraíochtaí reatha a chomhdhlúthú, a chobhsú agus a neartú, chun a n-acmhainn a fhorbairt le húsáid a bhaint as deiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus chun a n-inbhuanaitheacht san earnáil a chinntiú.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Oibreoimid le páirtithe leasmhara ábhartha chun abhcóideacht a dhéanamh do mhéadú suntasach agus inmharthanach sa tacaíocht do na heagraíochtaí ealaíne Gaeltachta sin a bhfuil an cumas agus an tiomantas acu na healaíona sa Ghaeltacht a chothú agus a fhorbairt.
- I gcomhar le boird na n-eagraíochtaí tosaíochta ionadbhunaithe, bunóimid na hacmhainní is gá chun cloí lena n-aidhmeanna agus lena gcuspóirí.
- Aontóimid clár chun cobhsú a dhéanamh ar eagraíochtaí ealaíne tosaíochta ionadbhunaithe Gaeltachta le boird na n-eagraíochtaí sin mar aon leis an páirtithe leasmhara ábhartha.
- Cinnteoimid go gcloífear leis na caighdeáin is airde trí chumasc de thacaíocht chaipitil agus ioncaim.
- Leanfaimid orainn ag tacú le heagraíochtaí trí Scéim na bPríomhréimsí Forbartha Ealaíon sa Ghaeltacht mar aon le cláir oiliúna agus fhorbartha acmhainne.
- Beimid ar an eolas faoi na moltaí a bheidh aontaithe idir na Cumainn Bhainistíochta Contae agus Cathrach agus an Chomhairle Ealaíon, ag eascairt ó Athbhreithniú na nIonad a coimisiúnaíodh i gcomhar lena chéile.
- Tabharfaimid faoi chlár leanúnach taighde, monatóireachta agus meastóireachta chun bunchloch a chur faoi chás an-láidir do thacaíochta leanúnach.

## Conas a bheidh fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Beidh breis infheistíochta le fáil ó na páirtithe leasmhara éagsúla i gclár aontaithe tacaíochta.
- Beidh comhaontaithe foirmiúla maoinithe i bhfeidhm idir páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí ealaíne.
- Léireoidh monatóireacht, meastóireacht agus tuairisciú ar thorthaí agus ar thionchair na hinfheistíochta méadaithe cé mar atá ár leithdháilte airgeadais ag feidhmiú i dtaca lenár dtosaíochtaí agus lenár ngníomhaíochtaí straitéiseacha.
- Léireoidh an measúnú ar eagraíochtaí tacaithe go bhfuiltear ag cloí le hardchaighdeáin ealaíonta agus riaracháin.

## *Why this priority?*

*A strong arts infrastructure nurtures and renews the arts in the Gaeltacht on an ongoing basis. Increased investment in key organisations will facilitate opportunities and employment for artists; offer greater opportunities to Gaeltacht communities to engage with the arts and to share and strengthen the unique culture of the Gaeltacht through arts practice, participation and as audiences; create and sustain appropriate working and performing environments across all art forms and will facilitate the development of cultural networks and of cultural leaders and enablers. Investment in an already underdeveloped Gaeltacht arts infrastructure was reduced substantially during the economic downturn. Additional investment is now required to consolidate, stabilise and strengthen existing key organisations, to grow their capacity to engage with regional, national and international opportunities and to ensure the sustainability of the sector.*

## How will we advance this?

- We will work with relevant stakeholders to advocate for a significant and sustained increase in support to those Gaeltacht arts organisations with the capacity and commitment to foster and develop the arts in the Gaeltacht.
- In conjunction with the boards of relevant organisations, we will establish resource requirements for funded organisations that they require to meet their aims and objectives.
- We will agree a programme to stabilise prioritised venue-based Gaeltacht arts organisations with the boards of these organisations as well as with relevant stakeholders.
- We will ensure that the highest standards are met through a combination of capital and revenue support.
- We will continue to assist organisations through Scéim na bPríomhréimsí Forbartha Ealaíona sa Ghaeltacht as well as with training and capacity building programmes.
- We will be cognisant of recommendations agreed between the County and City Management Association and the Arts Council, arising from the jointly commissioned Venues Review.
- We will undertake an ongoing programme of research, monitoring and evaluation to form the basis of a compelling case for ongoing support.

## How will we know we have advanced this priority?

- There will be increased investment by the various stakeholders in an agreed programme of support.
- Formal funding agreements between stakeholders and arts organisations will be in place.
- Monitoring, evaluation and reporting on the outcomes and impacts of increased investment will demonstrate how our financial allocations are delivering on our strategic priorities and actions.
- Assessment of supported organisations will demonstrate that high artistic and administrative standards are being met.

# 02 **Na tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a mhéadú** / Increase supports to Gaeltacht artists



## Cén fáth an tosaíocht seo?

Ní de thimpiste a dhéantar ealaín den scoth. Tá gá le tacaíochtaí cuí chun tacú le healaíontóirí sármhaitheas a bhaint amach ina gcuid oibre. Aithnímid agus tá meas againn ar ról an ealaíontóra agus ar an dóigh a gcuireann a gcleachtas leis na pobail, leis an sochaí agus le forbairt na foirme ealaíne. I bpobail bheaga na Gaeltachta, is féidir leis an obair a dhéanann ealaíontóirí aonair an-tionchar a bheith aige ar an timpeallacht ealaíne. Sa chomhthéacs sin, faightear a lán tairbhí saothair as a bheith ag cothú agus ag tacú le sármhaitheas agus dea-chleachtas. Tá fianaise ar fáil faoi na torthaí deimhneacha a tháinig as an infheistíocht in ealaíontóirí aonaracha le 20 bliain anuas, agus faoin tionchar a bhí ag an infheistíocht laghdaithe le blianta beaga anuas. Táimid tiomanta an fuinneamh sin a fháil ar ais agus a chothabháil.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Tabharfaimid faoi thaighde fianaise-bhunaithe chun bunús a chur faoi chlár comhordaithe de thacaíocht d'ealaíontóirí agus d'fhoirm ealaíne.
- Leanfaimid de bheith ag cur fáil ar dheiseanna d'ealaíontóirí aonair Ghaeltachta chun a gcleachtais a fhorbairt tríd an scéim sparánachta iomaíoch, an Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí.
- Bunóimid scéim Dámhachtana Tionscadail chun a chur ar chumas daoine aonair agus grúpaí tionscadail shamhlaíocha agus uaillmhianacha a chur i gcrích.
- Cinnteoimid go mbeidh gá inár socruithe maoinithe le heagrais le dea-chleachtas nuair a bheifear ag déileáil le healaíontóirí.
- Oibreoimid lenár n-eagraíochtaí maoinithe ealaíne chun leanúint de bheith ag cothú lucht féachana d'obair na n-ealaíontóirí.
- Tabharfaimid spreagadh do bhunú caidreamh oibre idir eagraíochtaí mar bhealach chun an tacaíochtaí d'ealaíontóirí a fheabhsú.
- Oibreoimid le dreamanna eile chun méadú a chur ar an réimse de dheiseanna réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'ealaíontóirí atá tiomanta a ngairmeacha a fhorbairt sa Ghaeltacht.
- Déanfaimid abhcóideacht go náisiúnta d'ealaíontóirí Gaeltachta.
- Aithneoimid agus éascóimid deiseanna forbartha oiliúna agus forbartha d'ealaíontóirí.
- Déanfaimid éascú d'ealaíontóirí aonair chun a spásanna oibre féin a fhorbairt i gcomhar le gníomhaireachtaí eile.
- Déanfaimid monatóireacht, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, ar choinníollacha oibre na n-ealaíontóirí sa Ghaeltacht.
- Cuirfimid fáil ar chomhairle agus tacaíocht leanúnach d'ealaíontóirí.
- Éascóimid malartú scileanna agus eolais agus forbairt gréasán.

## Conas a bheidh fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Tabharfaidh ár dtaighde, ár gcláir, ár n-idirghabhálacha agus ár scéimeanna léiriú ar na riachtanais fhorbartha acmhainne agus forbartha gairmiúla atá ag ealaíontóirí sa Ghaeltacht.
- Coinneoimid cuntas ar éifeachtaí ár n-abhcóideacht agus ár gcomhairle i dtaca le healaíontóirí.

## *Why this priority?*

*Great art doesn't happen by accident. Appropriate supports are necessary to support artists to achieve excellence in their work. We recognise and value the role of the artist and how their practice adds to communities, to society and to artform development. In the small communities of the Gaeltacht, the work of individual artists can have a significant impact on the arts environment. Nurturing and supporting excellence and best practice yields many rewards in this context. There is evidence of the positive results of investment in individual artists over the past 20 years, and of the impact of reduced investment in more recent years. We are committed to regaining and sustaining this momentum.*


## How will we advance this?

- We will undertake evidence-based research to form the basis of a coordinated programme of artist and artform support.
- We will continue to offer individual Gaeltacht artists opportunities to develop their practices through the competitive bursary scheme Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí.
- We will establish a Project Award scheme to enable individuals and groups to realise imaginative and ambitious projects as well as addressing current gaps in provision.
- We will ensure that our funding agreements with organisations require good practice in engagement with artists.
- We will work with our funded arts organisations in continuing to build audiences for artists' work.
- We will work with others to extend the range of regional, national and international opportunities for artists committed to developing their careers in the Gaeltacht.
- We will advocate nationally for Gaeltacht artists.
- We will identify and facilitate training and professional development opportunities for artists.
- We will facilitate individual artists in the development of their own work spaces in conjunction with other agencies.
- We will, in conjunction with other agencies, monitor the working conditions of artists in the Gaeltacht.
- We will offer ongoing advice and support to artists.
- We will facilitate skills and information exchange and network development.

## How will we know we have advanced this priority?

- Our research, programmes, interventions and schemes will reflect the capacity building and the professional development needs of artists in the Gaeltacht.
- We will track the effects of our advocacy and advice concerning artists.

# 03 Tacú leis an bhforbairt ar cheannairí agus ar chumasóirí cultúrtha / Support the development of cultural leaders and enablers



## Cén fáth an tosaíocht seo?

Tá cothú agus tacaíocht d'fhoinsí fuinnimh agus cruthaitheachta ealaíonta i bpobail Ghaeltachta bunriachtanach do bheogacht agus d'fhorbairt leanúnach na n-ealaíon sa Ghaeltacht agus chun cead a thabhairt don earnáil leas iomlán a bhaint as na deiseanna reatha agus na deiseanna a bheidh ar fáil amach anseo. Tá sé riachtanach go ndéanfaí forbairt, cothabháil agus athnuachan ar tairseach chriticiúil d'ealaíontóirí, léiritheoirí, áisitheoirí ealaíon, oibrithe forbartha ealaíon agus riarthóirí a oibríonn trí Ghaeilge, a mbeidh taithí acu agus iad oilte agus a dhéanfaidh cothabháil, athghiniúint agus athnuachan ar na healaíona sa Ghaeltacht ar bhonn leanúnach. Dá bhrí sin, is tosaíocht é go ndéanfaí breis infheistíochta i bhforbairt acmhainne, oideachas agus forbairt ghairmiúil do cheannairí cultúrtha agus d'áisitheoirí, daoine atá bunaithe agus daoine atá ag teacht chun cinn araon.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Tabharfaimid faoi thaighde fianaise-bhunaithe chun bunús a chur faoi chlár comhordaithe forbartha acmhainne do cheannairí cultúrtha agus d'áisitheoirí.
- Déanfaimid comhordú ar an bpleanáil agus ar sheachadadh cláir oiliúna ar fud na Gaeltachta i gcomhar leis na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí ábhartha.
- Leanfaimid de bheith ag cur maoiniú ar fáil d'ealaíontóirí & do riarthóirí ealaíon chun freastal ar ghearrchúrsaí ábhartha agus páirt a ghlacadh in imeachtaí ábhartha oiliúna ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon.
- Leanfaimid de bheith ag cur meantóireachta agus tacaíochta ar fáil go díreach d'ealaíontóirí, d'oibrithe ealaíne agus d'eagraíochtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht.
- Aithnímid go bhfuil forbairt agus léiriú na dtionscadal ealaíon ina phríomheilimint den fhorbairt ar áisitheoirí cultúrtha. Bunóimid scéim Dámhachtana Tionscadail chun a chur ar chumas daoine aonair agus grúpaí a bhfuil ionchas iontu chun tionscadail agus smaointe samhlaíocha agus uaillmhianacha a chur i gcrích.
- Éascóimid malartú eolais & forbairt gréasán.

## Conas a bheidh fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Tabharfaidh ár dtaighde, ár gcláir, ár n-idirghabhálacha agus ár scéimeanna léiriú ar na riachtanais fhorbartha acmhainne agus fhorbartha gairmiúla atá ag an earnáil.
- Déanfar monatóireacht agus meastóireacht ar ár ngníomhaíochtaí chun a dtionchar ar an earnáil a mheas.
- Beidh níos mó ceannairí agus cumasóirí cultúrtha ag obair againn ar bhonn gairmiúil, trí mheán na Gaeilge, sa Ghaeltacht.

## Why this priority?

Nurturing and supporting sources of artistic energy and creativity in Gaeltacht communities is essential for the continued vitality and development of the arts in the Gaeltacht and to allow the sector to benefit fully from current and future opportunities. It is necessary to develop, sustain and renew a critical mass of experienced and trained artists, producers, arts facilitators, arts development workers and administrators who work through the Irish language and who will sustain, regenerate and renew the arts in the Gaeltacht on an ongoing basis. Increased investment in capacity building, education and professional development and training for both established and emerging cultural leaders and enablers is, therefore, a priority.

## How will we advance this?

- We will undertake evidence-based research to form the basis of a co-ordinated programme of capacity building for the cultural leaders and enablers.
- We will coordinate the planning and delivery of a focused training programme across the Gaeltacht in conjunction with relevant agencies and organisations.
- We will continue to provide funding for artists & arts administrators to attend relevant short courses and participate in relevant training events at both a local and national level.
- We will continue to provide direct mentoring and support to Gaeltacht-based artists, arts workers and organisations.
- We recognise that the ongoing development and delivery of arts projects is a key element in the development of cultural leaders and enablers. We will establish a Project Award scheme to enable individuals and groups with potential to realise imaginative and ambitious projects and ideas.
- We will facilitate information exchange & network development.

## How will we know we have advanced this priority?

- Our research, programmes, interventions and schemes will reflect the capacity building and the professional development needs of the sector.
- Our actions will be monitored and evaluated to assess their impact on the sector.
- We will have more cultural leaders and enablers working in a professional capacity through Irish in the Gaeltacht.

# 04 **Infheistíocht a mhéadú sna daoine óga agus sna healaíona sa Ghaeltacht** / Increase investment in young people and the arts in the Gaeltacht



## Cén fáth an tosaíocht seo?

Aithnítear na healaíona mar phríomhchuiditheoirí d'fholláine daoine óga agus is iad na daoine óga an eochair don fhorbairt leanúnach ar thimpeallacht chultúrtha na Gaeltachta agus do mharthanas na Gaeilge atá ina heochair agus ina tarchuireadóir den chultúr sin. Ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh rochtain ag daoine óga sa Ghaeltacht ar eispéiris ardchaighdeáin ealaíne trí mheán na Gaeilge agus go gcuideofar leo a bheith rannpháirteach ina gcultúr áitiúil agus é a léirmhíniú in athuair tríd na healaíona.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Déanfaimid taighde, athbhreithniú agus meastóireacht ar an soláthar reatha d'ealaíona ginearálta agus atá sonrach d'fhoirm ealaíne d'ealaíona óige sa Ghaeltacht.
- Oibreoimid le dreamanna eile chun tionscnaimh phiolótacha a fhiosrú mar fhreagra ar bhearnaí a bheidh aitheanta.
- Leanfaimis de bheith ag tacú leis an bhforbairt ar thionscnaimh ealaíne don óige trí Scéim Príomhréimsí Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht.
- Leanfaimid de bheith ag tacú le agus ag forbairt comhpháirtíochtaí le Music Generation agus le tionscnaimh Chomhpháirtíochta Ceoil i chontaetha na Gaeltachta, mar aon le tionscnaimh ábhartha ealaíne náisiúnta agus réigiúnacha eile agus le tionscnaimh theanga-thiomáinte tríd an Scéim Síol.
- Leanfaimid de bheith ag tacú le forbairt eilimintí ardchaighdeáin bainteach leis an óige a bhíonn i bhféilte ealaíne Gaeltachta trí Scéim na bhFéilte Ealaíne sa Ghaeltacht.
- Rachaimid i gcomhairle le heagraíochtaí náisiúnta chun a chinntiú go bhfaighidh daoine óga sa Ghaeltacht tairbhe as tionscnaimh náisiúnta ealaíne don óige.
- Tacóimid le healaíontóirí Gaeltachta, eagraíochtaí ealaíne agus oibrithe ealaíne chun rochtain a fháil ar oiliúint agus chun dea-chleachtas a fhorbairt i dtaca le daoine óga agus na healaíona.

## Conas a bheidh fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Beidh infheistíocht mhéadaithe ó na páirtithe leasmhara éagsúla i gcláir thacaíochta do dhaoine óga agus do na healaíona.
- Beidh líon méadaithe d'áisitheoirí oilte a bhfuil taithí acu ar fáil d'ealaíona na hóige trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht.
- Léireoidh monatóireacht, meastóireacht agus tuairisciú ar thorthaí agus ar thionchair na hinfheistíochta méadaithe cé mar atá ár leithdháilte airgeadais ag feidhmiú i dtaca lenár dtosaíochtaí agus lenár ngníomhaíochtaí straitéiseacha.

## Why this priority?

The arts are recognised as key contributors to the well-being of young people and young people are key to the ongoing evolution of the cultural environment of the Gaeltacht, and to the survival of the Irish language which is the key to and transmitter of that culture. We need to ensure that young people in the Gaeltacht have access to high-quality arts experiences through the medium of the Irish language and are facilitated to engage with and reinterpret their local culture through the arts.

## How will we advance this?

- We will research, review and evaluate current provision for general and artform-specific youth arts in the Gaeltacht.
- We will work with others to instigate pilot initiatives in response to identified gaps.
- We will continue to support the development of youth arts initiatives via Scéim Príomhréimsí Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht.
- We will continue to support and develop partnerships with Music Generation and county-based Music Partnership initiatives as well as other relevant national and regional arts and language-driven initiatives via Scéim Síol.
- We will continue to support the development of high-quality youth-related elements of Gaeltacht arts festivals via Scéim na bhFéilte Ealaíon sa Ghaeltacht.
- We will liaise with national organisations to ensure that young people in the Gaeltacht benefit from national youth arts initiatives.
- We will support Gaeltacht artists, arts organisations and arts workers in accessing training and developing best practice in relation to young people and the arts.

## How will we know we have advanced this priority?

- There will be increased investment by various stakeholders in programmes of support for young people and the arts.
- There will be an increased number of trained and experienced facilitators for youth arts through the medium of the Irish language in the Gaeltacht.
- Monitoring and evaluation and reporting on the outcomes and impacts of increased investment will demonstrate how our financial allocations are delivering on our strategic priorities and actions.

# 05 **Cumas eagraíochtúil Ealaín na Gaeltachta a fhás** / Grow Ealaín na Gaeltachta's organisational capacity



## Cén fáth an tosaíocht seo?

Cé go bhfuil forbairt leanúnach tagtha ar scileanna agus ar thaithí fhoireann Ealaín na Gaeltachta thar na fiche bliain seo caite, tá struchtúr agus méid na foirne san eagraíocht fanta gan athrú. De réir mar atá an acmhainn in earnáil ealaíon na Gaeltachta ag fás go leanúnach agus comhthéacsanna agus deiseanna nua atá teacht chun cinn, tá róil fhoireann Ealaín na Gaeltachta ag athrú go leanúnach, agus chuige sin tá gá le tiomantas agus le hinfheistíocht in acmhainn eagraíochtúil.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Tabharfaimid faoi athbhreithniú ar struchtúr agus acmhainn eagraíochtúil.
- Forbróimid ár struchtúir foirne, de réir mar is gá.
- Dearfaimid agus forbróimid clár d'fhorbairt acmhainne agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Leanfaimid de bheith ag tacú leis an bhfoireann chun tabhairt faoi chláir cúrsaí sonracha oiliúna.
- Leanfaimid de bheith ag feidhmiú cláir bhainistíochta feidhmiúcháin chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar acmhainn.

## Conas a bheidh fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Cuirfidh ár gclár bainistíochta feidhmiúcháin fianaise ar fáil faoi chumas daoine aonair agus foirne.

## Why this priority?

While the skills and experience of the Ealaín na Gaeltachta team have developed continuously over the last twenty years, the organisation's staff structure and size has remained static. As capacity within the Gaeltacht arts sector continues to grow and new contexts and opportunities emerge, the roles of the Ealaín na Gaeltachta team continue to evolve, requiring a dedicated commitment to and investment in organisational capacity.

## How will we advance this?

- We will undertake a review of organisational structure and capacity.
- We will develop our staff structures, as necessary.
- We will design and deliver a programme of capacity building and CPD.
- We will continue to support staff to undertake specific training programmes and courses.
- We will continue to engage a performance management programme to monitor progress and capacity.

## How will we know we have advanced this priority?

- Our performance management programme will offer evidence of individual and team capacity.

# 06 Taighde a choimisiúnú ar ealaíona Gaeltachta agus ar an tionchar atá ag infheistíocht agus tacaíocht leanúnach Ealaín na Gaeltachta / Commission research on the Gaeltacht arts and on the impact of Ealaín na Gaeltachta's ongoing investment and support



## Cén fáth an tosaíocht seo?

Leis an athrú agus an éabhlóid leanúnach atá ag teacht ar an timpeallacht taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht, caithfimid ár stór eolais a bhiorú suas go leanúnach trí thaighde tiomanta a choimisiúnú i dtaca le foirm ealaíne, cleachtas na n-ealaíon agus réimsí oibre atá sonrach do réigiúin, chomh maith le monatóireacht agus meastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar obair Ealaín chun tionchar ár gcuid oibre a thomhas agus eolas a chur ar fáil do threo na forbartha straitéisí sa todhchaí.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Aithneoimid réimsí sonracha (foirm ealaíne, cleachtas ealaíne agus réimsí atá sonrach do réigiún) de chleachtas ealaíne na Gaeltachta, rud a dteastaíonn taighde agus meastóireacht chuige ag an am seo agus tabhairt faoi chlár céimnithe de thaighde agus de mheastóireacht.
- Cuirfimid cultúr d'fhéinmhonatóireacht agus d'fhéinmheastóireacht i bhfeidhm lenár eagraíochtaí cliaint trínár gcláir oiliúna agus ár gcomhaontuithe maoinithe.
- Déanfaimid coimisiúnú ar mhonatóireacht agus ar mheastóireacht ar ár gclár oibre agus a thionchair.
- Oibreoimid leis an gComhairle Ealaíon agus bainfimid leas as an taighde atáthar a dhéanamh cheana féin, go háirithe sa réimse ina dtomhaistear tionchar na hinfheistíochta sna healaíona ón taobh sóisialta, tíreolaíoch agus eacnamúil de.

## Cén uair a bheidh a fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Beidh soláthar taighde agus meastóireachta againn mar bhunús leis an seachadadh ar eilimintí eile den phlean straitéiseach seo.
- Beidh bealaí againn chun tionchar á gcuid oibre a thomhas i bhfoirm próisis mheastóireachta neamhspleácha.
- Beidh sreabhadh leanúnach de shonraí ábhartha againn ónár gcliant-eagraíochtaí a chuirfidh eolas ar fáil don fhorbairt leanúnach straitéiseach agus cláir.

## Why this priority?

With the environment within and outside of the Gaeltacht continuing to change and evolve, we need to continually refresh our knowledge base by commissioning dedicated research on artform, arts practice and region-specific areas of work as well as independent monitoring and evaluation of Ealaín's work into order to measure the impact of our work and inform the direction of future strategic development.

## How will we advance this?

- We will identify specific areas (artform, arts practice and region-specific) of Gaeltacht arts practice which require researching and evaluating at this time and embark on a phased programme of research and evaluation.
- We will embed a culture of self-monitoring and evaluation in our client organisations via our training programmes and funding agreements.
- We will commission independent monitoring and evaluation of our programme of work and its impacts.
- We will work with the the Arts Council and take advantage of research already being done, especially in the area of measuring the impact of investment in the arts from a social, geographical and economical perspective.

## How will we know we have advanced this priority?

- We will have a body of research and evaluation as a basis for the delivery of other elements of this strategic plan.
- We will have a means of measuring the impact of our work in the form of an independent evaluation process.
- We will have a continuous flow of relevant data from our client organisations which will inform ongoing strategic and programme development.

# 07 Cuidiú le pobail na Gaeltachta dul i mbun na n-ealaíon / Facilitate Gaeltacht communities to engage with the arts



## Cén fáth an tosaíocht seo?

Tá gníomhaíochtaí ealaíne lárnach d'fhorbairt an duine aonair agus do chruthú sochaí láidir shibhialta, agus cuirfidh an rannpháirtíocht sna healaíona braistint féiniúlachta agus muintearais ar fáil do na pobail. Ag tráth ina bhfuil dúshlán suntasach ag baint le cothabháil na Gaeilge mar theanga bheo na Gaeltachta i gcoinne na haonchineálachta teanga agus cultúrtha atá ag brú isteach, is tríd na healaíona a ghlacfaidh pobail ilchineálacha na Gaeltachta seilbh ar a bhféiniúlacht, a gcuirfidh siad beogacht sa teanga agus dtabharfaidh siad comhthéacs dá n-eispéiris. Tá dúshláin agus buntáistí uathúla ag baint leis an tírdhreach speisialta teanga agus tíreolaíoch atá ag an nGaeltacht agus tá gá le freagra tiomanta agus eolach ina leith.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Tabharfaimid faoi thaighde fianaise-bhunaithe chun na leibhéil agus na cineálacha reatha comhpháirteachais a dhéanamh amach agus bainfear úsáid as sin chun bonn a chur faoi chláir fhorbartha a bheidh sonraithe do na réigiúin.
- Tabharfaimid tosaíocht don tacaíocht agus don fhorbairt ar ghréasán d'ionaid ealaíne Gaeltachta chun cuidiú leis an seachadadh ar chláir láidre ealaíne do phobail na Gaeltachta, do chúlchríocha na Gaeltachta agus do lucht féachana a thiocfaidh ar cuairt.
- Leanfaimid den tacaíocht a thugtar d'fhéilte eiseamláireacha ealaíne Gaeltachta trí Scéim na bhFéilte Ealaíne sa Ghaeltacht.
- Bunóimid scéim dámhachtana Tionscadail chun tacú le agus éascú a dhéanamh d'imeachtaí ardchaighdeáin ealaíne agus tionscadail, cinn a chothaíonn lucht féachana nua agus a chuireann deiseanna ilchineálacha ar fáil don phobal chun páirt a ghlacadh sna healaíona.
- Comhoibreoimid le gníomhaireachtaí tacaíochta, soláthróirí agus áisitheoirí eile ón taobh istigh agus ón taobh amuigh den Ghaeltacht chun deiseanna nua a chruthú le haghaidh rannpháirtíochta agus comhpháirteachais sna healaíona sa Ghaeltacht.

## Conas a bheidh fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Beidh bailchríoch curtha againn ar chorpas taighde agus beidh clár oibre tiomanta bunaithe againn.
- Cinnteoimid go ndéanfar cláir shonracha atá ag déileáil le rannpháirtíocht a dhoiciméadú agus a mheas.
- Tabharfaidh ár socruithe maoinithe cead dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí i dtaca le rannpháirtíocht an phobail agus lucht féachana nua a chothú.

## Why this priority?

Arts activities are central to the development of the individual, and to the creation of a strong civic society with participation in the arts providing communities with a sense of identity and belonging. At a time when sustaining the Irish language as a living language of the Gaeltacht in the face of encroaching linguistic and cultural homogeneity is a significant challenge, it is through the arts that diverse Gaeltacht communities appropriate their identity, enliven the language and contextualise their experiences. The unique linguistic & geographical landscape of the Gaeltacht presents unique challenges and opportunities which require a dedicated and informed response.


## How will we advance this?

- We will undertake evidence-based research to establish current levels and types of engagement and use this to form the basis of region-specific programmes of development.
- We will prioritise the support and development of a network of Gaeltacht arts venues to facilitate the delivery of strong arts programmes for Gaeltacht communities, the Gaeltacht hinterlands and visiting audiences.
- We will continue to support exemplary Gaeltacht arts festivals through Scéim na bhFéilte Ealaíona sa Ghaeltacht.
- We will establish a Project award scheme to support and facilitate high-quality arts events, activities and projects; that nurture new audiences and provide the public with diverse opportunities to engage with the arts.
- We will collaborate with other support agencies, arts providers and enablers from within and outside of the Gaeltacht to create new opportunities for participation and engagement in the arts in the Gaeltacht.

## How will we know we have advanced this priority?

- We will have completed a body of research and established a dedicated work programme.
- We will ensure that specific programmes addressing participation are documented and evaluated.
- Our funding agreements will allow us to review the actions of organisations in respect of public engagement and nurturing new audiences.

# 08 Abhcóideacht a dhéanamh d'ealaíona na Gaeltachta / Advocate for the Gaeltacht arts




## Cén fáth an tosaíocht seo?

Tá na healaíona Gaeltachta ina sócmhainn uathúil agus luachmhar agus é d'ionchas acu saibhriú mór a dhéanamh ar shaol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch na tíre, réigiúin na Gaeltachta ach go háirithe. Tá sé tábhachtach go leanfadh Ealaín na Gaeltachta de bheith i mbun abhcóideachta chun méadú a chur ar thuiscint agus ar phróifíl na n-ealaíon sa Ghaeltacht agus ar tháirgí na n-eagraíochtaí cultúrtha agus na n-ealaíontóirí aonair atá sa Ghaeltacht. Méadaíonn abhcóideacht den chineál sin, mar aon le monatóireacht agus meastóireacht atá suas chun dáta, an fheasacht ar na healaíona Gaeltachta agus ar an ról lárnach atá ag Ealaín na Gaeltachta i bhforbairt na n-ealaíon Gaeltachta, agus déanann sé sin cás do bhreis tacaíochta.

## Conas a chuirfimid an tosaíocht seo chun cinn?

- Baileoimid taighde fianaise-bhunaithe chun a chinntiú go mbeidh an abhcóideacht ar son na n-ealaíon sa Ghaeltacht áititheach agus an-láidir araon.
- Tógfaimid ar ár straitéis chumarsáide chun uasmhéadú a dhéanamh ar phróifíl na hoibre atá á dhéanamh ag an eagraíocht, taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht araon.
- Déanfaimid éascú ar fhorbairt margaíochta agus straitéisí poiblíochta éifeachtacha d'eagraíochtaí Gaeltachta agus d'ócáidí atá maoinithe ag Ealaín na Gaeltachta taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht, lena n-áirítear turasóireacht ar thionscadail Ghaeltachta.
- Méadóimid cumas eagraíochtaí ealaíon agus ealaíontóirí na Gaeltachta atá ag fáil maoinithe chun abhcóideacht a dhéanamh dá gcuid oibre agus d'ealaíona na Gaeltachta.
- Leanfaimid de bheith ag chur comhoibrithe chun cinn le ceantair eile ina bhfuil teangacha neamhfhorleathana.
- Déanfaimid iarracht rochtain a fháil ar na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta chun gnéithe ar leith de chlár Ealaín na Gaeltachta a aibhsiú agus abhcóideacht a dhéanamh dóibh.
- Déanfaimid coimisiúnú ar shraithe d'aistí dátheangacha agus de léirmheasanna criticiúla chun an cleachtas ealaíne traidisiúnta agus comhaimseartha atá taobh istigh den Ghaeltacht a chur in iúl.
- Déanfaimid abhcóideacht do bhreis infheistíochta sna healaíona chun leasa shochaí agus eacnamaíochta na Gaeltachta.
- Bainfimid úsáid as feidhmiú na Straitéise 20 Bliain don Ghaeltacht – Plean Gníomhaíochta 2018 – 2022 chun cuidiú le feabhas a chur ar an tacaíocht don Ghaeltacht agus d'ealaíona na Gaeltachta araon.

## Conas a bheidh fhios againn go bhfuil an tosaíocht seo curtha chun cinn againn?

- Leanfaimid ar aghaidh ag bailiú fianaise faoin obair atá á chur i láthair ag ealaíontóirí Gaeltachta, eagraíochtaí ealaíne agus dreamanna eile taobh istigh den Ghaeltacht agus léireoimid cé mar a chuireann infheistíocht sna healaíona Gaeltachta fáil ar shármhaitheas ealaíonta agus ar níos mó deiseanna don phobal chun a bheith páirteach san ealaín.
- Rianóimid na héifeachtaí a bheidh ag ár n-abhcóideacht agus bainfimid úsáid as an eolas a bhaileofar chun treoir a thabhairt dá n-abhcóideacht, dár gcomhairle agus do na cumarsáidí leitheadacha.
- Cinnteoimid go mbeidh infheictheacht náisiúnta ag ealaíona na Gaeltachta.
- Beidh dlúthchaidrimh oibre againn leis na heagraíochta go léir atá ag plé le tacaíocht agus forbairt na n-ealaíon a bhaineann leis an nGaeilge.

## Why this priority?

The Gaeltacht arts are a unique and valuable resource with the potential to greatly enrich the cultural, social and economic life of the country, and of the Gaeltacht regions in particular. It is important that Ealaín na Gaeltachta continues to engage in advocacy to increase the understanding and profile of the arts in the Gaeltacht and the output of the cultural organisations and individual artists in the Gaeltacht. Such advocacy, combined with up-to-date monitoring and evaluation, increases awareness of the Gaeltacht arts and of the central role that Ealain na Gaeltachta plays in the development of the Gaeltacht arts and makes the case for increased support.

## How will we advance this?

- We will gather evidence-based research to ensure that the advocacy for the arts in the Gaeltacht is both persuasive and compelling.
- We will build upon our communication strategy to maximise the profile of the work carried out by the organisation both within and outside of the Gaeltacht.
- We will facilitate the development of effective marketing and publicity strategies for Gaeltacht organisations and for Ealaín na Gaeltachta funded events within and outside the Gaeltacht, including the touring of Gaeltacht projects.
- We will grow the capacity of funded Gaeltacht arts organisations and artists to advocate for their work and for the Gaeltacht arts.
- We will continue to promote cooperation with other lesser-used language areas.
- We will seek to gain access to local national and international media in order to highlight and advocate particular aspects of the Ealaín na Gaeltachta programme.
- We will commission a series of bilingual essays and critical reviews to articulate the distinctive traditional and contemporary arts practice within the Gaeltacht.
- We will advocate for additional investment in the arts to benefit the Gaeltacht society and economy.
- We will use the implementation of the 20 Year Strategy for Irish – Action Plan 2018 – 2022 to assist in improving support to both Gaeltacht and Gaeltacht arts.

## How will we know we have advanced this priority?

- We will continue to gather evidence of work produced by Gaeltacht artists, arts organisations and others within the Gaeltacht that will demonstrate how investment in the Gaeltacht arts leads to artistic excellence and greater opportunities for the public to engage with art.
- We will track the effects of our advocacy and will use information gathered to inform our advocacy, advice, and wider communications.
- We will ensure that the Gaeltacht arts have national visibility.

## 8. FEIDHMIÚ

Déanfar an straitéis seo a fhorfheidhmiú trí phleananna oibre bliantúla, a bheidh aontaithe leis an gComhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta, agus iad saincheaptha do chomhthéacsanna sonracha na réigiún a bhfuilimid ag freastal orthu. I ngach plean oibre beidh plean tiomanta do ghníomhaíochtaí atá aitheanta sa straitéis. Déanfar iad sin a sheachadadh trí na pleananna oibre a bheidh ag na baill foirne aonair, mar a bheidh aontaithe leis an bhFeidhmeannach Ealaíne.

Tabharfar tacaíocht do sheachadadh na straitéise trí phróiseas struchtúrtha d'athbhreithniú agus meastóireacht agus tuarascálacha á gcur ar fáil do bhord Ealaín na Gaeltachta gach ráithe mar aon le tuarascáil bhliantúil d'Údarás na Gaeltachta agus don Chomhairle Ealaíon.

Beidh an cumas chun na tosaíochtaí straitéiseacha atá leagtha amach sa doiciméad seo a bhaint amach ag brath go mór ar na hacmhainní a bheidh ar fáil. Tá sé bunriachtanach d'fheidhmiú rathúil na straitéise seo go mbeadh aontú ann faoi thiomantais dhóthanacha buiséid agus acmhainní le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an gComhairle Ealaíon.

*This strategy will be implemented by way of annual work-plans, agreed with the Arts Council and Údarás na Gaeltachta, tailored to the specific contexts of the regions we serve. Each workplan will contain a dedicated plan for actions identified in the strategy. These will be delivered via the workplans of the individual team members, as agreed with the Feidhmeannach Ealaíne.*

*The delivery of the strategy will be supported by a structured process of review and evaluation with quarterly reporting to the Ealaín na Gaeltachta board and annual reporting to Údarás na Gaeltachta and the Arts Council.*

*The capacity to realise the strategic priorities set out in this document is contingent, in large part, on the resources available. Agreement of adequate budgetary and resource commitments with Údarás na Gaeltachta and the Arts Council is essential to the successful implementation of this strategy.*



## 9. CONCLÚID

D'eascair an chomhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon agus bunú Ealaín na Gaeltachta mar fhreagra ar riachtanais áitiúla. Tugann an straitéis seo aitheantas don infheistíocht 20 bliain atá déanta ag an dá eagraíocht. Tugann sé aitheantas freisin don mhéid atá bainte amach ag Ealaín na Gaeltachta i bhforbairt agus i tacú leis an gcleachtas ealaíonta sa Ghaeltacht. Tá siad sin buntacaithe ag tiomantas athnuaite na comhpháirtíochta oibriú i dtreo spriocanna agus cuspóirí comhroinnte mar thacaíocht d'fhorbairt ealaíona na Gaeltachta. Lena chois sin, áfach, aithníonn sé an leochaileacht ar leith atá in earnáil na n-ealaíon Gaeltachta i gcomparáid le gnáthchásanna náisiúnta agus admhaíonn sé go bhfuil gá ag tírdhreach cultúrtha na Gaeltachta le fócas leanúnach tiomanta agus le cur chuige tiomanta chun acmhainn na n-ealaíon Gaeltachta a fhorbairt.

Tugann an straitéis seo an solúbthacht d'Ealaín na Gaeltachta a bheith in ann na riachtanais leanúnacha atá ag pobal ealaíon na Gaeltachta a aithint agus a fhreagairt. Beachtaíonn sé an clár comhpháirtíochta agus cuireann sé béim ar leith ar dhul chun cinn follasach a bhaint amach bunaithe ar thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí a chuireann an bhéim ar thaighde, infheistíocht, forbairt acmhainne agus abhcóideacht. Cuireann sé creat ar fáil inar féidir le hinfreastruchtúr láidir ealaíon é féin a chothú agus a fhorbairt.

Trí na spriocanna atá sa straitéis seo a bhaint amach, cuideoidh sé chun ionchas iomlán na n-ealaíon a bhaint amach chun an saol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch sa Ghaeltacht a shaibhriú agus tabharfaidh sé aitheantas agus tacaíocht don ionchur sainiúil atá ealaíona na Gaeltachta a dhéanamh agus in ann a dhéanamh don saol ealaíonta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.



ealaín

EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

FORBAIRT NA nEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARTHA